AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.10.2026
COM(2026) 551 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme Rialachán (EU) 2019/1240 an 20 Meitheamh 2019 i ndáil le líonra Eorpach oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú

1. Réamhrá

1.1 An comhthéacs beartais

Is éard atá i líonra Eorpach na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce pobal na n-oifigeach idirchaidrimh arna bpostáil chuig tríú tíortha ag na Ballstáit, ag tíortha atá comhlachaithe le limistéar Schengen, ag gníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais([1]) agus ag an gCoimisiún Eorpach ('Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce') chun oibriú go lánaimseartha nó go páirtaimseartha ar chúraimí inimirce. Is é is aidhm fhoriomlán do Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce an comhar agus an comhordú is fearr is féidir a áirithiú idir oifigigh idirchaidrimh inimirce chun tacú le beartas an Aontais i réimse na himirce.

Treisíodh Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, a bunaíodh in 2004 le Rialachán (CE) Uimh. 377/2004([2]) ón gComhairle, le Rialachán (AE) 2019/1240([3]) maidir le líonra Eorpach oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú ('an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce').

Tá an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce dírithe ar Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a nuachóiriú agus a neartú chun cur ar a chumas ról níos éifeachtaí a bheith aige i mbainistiú imirce an Aontais, lena n-áirítear trí chur chuige Fhoireann na hEorpa a chothú laistigh den Líonra. Leathnaigh sé an sainmhíniú ar choincheap an 'oifigigh idirchaidrimh inimirce', agus thug sé isteach gnéithe nuálacha eile, amhail Bord Stiúrtha Líonra nua na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce([4]) agus ról níos láidre d'oifigigh idirchaidrimh arna n-imscaradh ag an gCoimisiún agus ag gníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais. Neartaigh sé an ról atá ag oifigigh idirchaidrimh inimirce maidir le faisnéis a bhailiú agus a mhalartú, lena n-áirítear trí ardán slán gréasánbhunaithe um malartú faisnéise a bhunú, agus leathnaigh sé raon feidhme Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce chun glacadh le raon iomlán na gcúraimí bainistithe imirce.

Is cuid riachtanach de chur chuige cuimsitheach an Aontais maidir le bainistiú imirce faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann ('an Comhshocrú') é an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a tháinig i bhfeidhm an 12 Meitheamh 2026([5]). Tá ról lárnach ag Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce maidir leis an imirce a leabú i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, ar bunchloch den Chomhshocrú é. Go deimhin, tá oifigigh idirchaidrimh inimirce, atá ar an láthair agus a chomhoibríonn ó lá go

([1]) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA).
([2]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32004R0377
([3]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32019R1240
([4]) Tá Bord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát, beirt ionadaithe ón gCoimisiún, ionadaí amháin ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, ionadaí amháin ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí agus ionadaí amháin ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann. Beidh tíortha atá comhlachaithe le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen rannpháirteach sa Bhord Stiúrtha agus ceapfaidh gach tír ionadaí amháin mar chomhalta ach ní bheidh cearta vótála aige nó aici. Beidh cead acu tuairimí a chur in iúl maidir leis na saincheisteanna go léir arna bplé agus na cinntí arna ndéanamh ag an mBord Stiúrtha.
([5]) https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/pact-migration-and-asylum_ga

lá le húdaráis áitiúla maidir le raon iomlán na gcúraimí bainistithe imirce, lárnach chun comhoibriú le tríú tíortha maidir leis an imirce.

Meabhraítear sa Straitéis um Bainistiú Tearmainn agus Imirce, dá bhforáiltear faoin gComhshocrú agus a glacadh i mí Eanáir 2026, go mbraitheann an Coimisiún ar thacaíocht ó Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce mar cheann de na comhpháirtithe atá i mbun smuigleáil imirceach feadh na mbealaí a chomhrac agus cabhrú leis na tíortha feadh na mbealaí iad fein a ullmhú([6]) . Dá réir sin, tá ról lárnach ag Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce maidir leis an gComhaontas Domhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac a chur chun feidhme([7]) – go háirithe an cur chuige 'bealach iomlán' a mholtar sa Dearbhú Comhpháirteach uaidh i mí na Nollag 2025([8]) – trí fheabhas a chur ar bhailiú agus ar chomhroinnt sonraí feasachta staide a bhaineann le smuigleáil imirceach, é sin agus trí imscrúduithe comhpháirteacha forfheidhmithe dlí agus comhar oibríochtúil le tíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn.

Cuidíonn Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce freisin le raon iomlán bheartas bainistithe imirce agus ionstraimí dlíthiúla an Aontais a chur chun feidhme, lena gcuimsítear plean gníomhaíochta athnuaite an Aontais in aghaidh smuigleáil imirceach (2021-2025)([9]), straitéis an Aontais um gháinneáil ar dhaoine a chomhrac (2021-2025)([10]), an Treoir um Fhilleadh([11]), Cód Víosaí an Aontais Eorpaigh([12]), straitéis beartais víosaí an Aontais Eorpaigh([13]), Rialachán EUROSUR([14]) agus an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach([15]).

1.2 Cuspóirí agus modheolaíocht na tuarascála seo ([16])

Sa tuarascáil seo, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, ag tíortha atá comhlachaithe le limistéar Schengen([17]) agus ag gníomhaireachtaí ábhartha gnóthaí baile an Aontais([18]), déantar breithniú ar an gcaoi ar cuireadh an Rialachán chun feidhme go dtí

([6]) https://home-affairs.ec.europa.eu/european-asylum-and-migration-management-strategy_ga
([7]) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/mt/ip_23_6081. Is iad trí cholún na Comhghuaillíochta Domhanda (i) smuigleáil imirceach a chosc, (ii) freagairt ar smuigleáil imirceach agus (iii) roghanna malartacha ar smuigleáil imirceach.
([8]) https://home-affairs.ec.europa.eu/news/global-alliance-counter-migrant-smuggling-reinforces-its-commitments-its-second-conference-2025-12-11_ga
([9]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52021DC0591
([10]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52021DC0171
([11]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32008L0115. Beidh ról lárnach aige freisin i gcur chun feidhme an Rialacháin maidir le Filleadh a bheidh ann amach anseo, atá beartaithe a ghlacadh sa ráithe dheireanach de 2026. Áirítear sa téacs 'oifigigh idirchaidrimh de chuid an Aontais um fhilleadh' a chruthú, a bheadh mar chuid de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce.
([12]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32019R1155
([13]) https://home-affairs.ec.europa.eu/eu-visa-strategy_ga
([14]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32013R1052
([15]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32019R1896
([16]) I gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena chur i bhfeidhm 5 bliana tar éis ghlacadh an Rialacháin. Glacadh an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce an 20 Meitheamh 2019. Beartaíodh ullmhú agus glacadh na tuarascála cur chun feidhme a ailíniú go dlúth le foilsiú na Straitéise um Bainistiú Tearmainn agus Imirce a foilsíodh i mí Eanáir 2026.
([17]) Chun críoch na tuarascála seo, tuigtear go gciallaíonn an téarma 'Ballstáit' Ballstáit den Aontas Eorpach agus tíortha atá comhlachaithe le limistéar Schengen araon.
([18]) Scaipeadh ceistneoir ar Chomhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce an 28 Iúil 2025.

seo, sainaithnítear agus déantar anailís ar an dul chun cinn atá déanta agus ar an obair atá fós gan déanamh, agus moltar bearta chun leanúint dá chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, tionchar oibríochtúil Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a mhéadú.

Cuireann an tuarascáil seo freisin le clár oibre an Choimisiúin maidir le simpliú agus cur chun feidhme. Trí anailís a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce ag na Ballstáit, tá sé ag rannchuidiú le tástáil struis a dhéanamh ar an Rialachán chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith ábhartha, comhréireach agus iomchuí chun a chuspóirí a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach.

2. Imscaradh, róil agus cúraimí na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce

2.1 Breithnithe straitéiseacha agus oibríochtúla maidir le himscaradh na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce

Is éard is oifigeach idirchaidrimh inimirce ann oifigeach idirchaidrimh arna ainmniú agus arna imscaradh ar an gcoigríoch ag údaráis inniúla Ballstáit, ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht de chuid an Aontais, chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hinimirce, fiú mura bhfuil sna saincheisteanna sin ach cuid dá ndualgais.

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, iarrtar ar oifigigh idirchaidrimh inimirce an úsáid a bhaintear as a líonra a chomhordú agus a bharrfheabhsú ar bhealach níos fearr chun freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do thosaíochtaí an Aontais, ó imirce neamhrialta agus coiriúlacht trasteorann ghaolmhar a chosc agus a chomhrac, filleadh díniteach agus éifeachtach, athligean isteach agus ath-imeascadh a éascú, rannchuidiú le bainistiú comhtháite theorainneacha seachtracha an Aontais, tacú le bainistiú na hinimirce dlíthiúla, lena n-áirítear i réimse na cosanta idirnáisiúnta, an athlonnaithe agus na mbeart lánpháirtíochta réamhimeachta.

I gcás ina gcinneann na Ballstáit oifigigh idirchaidrimh inimirce a imscaradh chuig tríú tíortha, tá a gcinntí bunaithe den chuid is mó ar mheasúnuithe ar thosca náisiúnta straitéiseacha agus ar thosaíochtaí oibríochtúla. Is iondúil go bhféachtar sna measúnuithe sin ar thosca amhail (i) imirce neamhrialta a dhéanann difear dá dtíortha, lena n-áirítear gluaiseachtaí imirce atá ann faoi láthair agus a bhfuiltear ag súil leo; (ii) smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine i dtíortha tionscnaimh nó idirthurais; (ii) calaois chéannachta agus calaois doiciméad; (iv) rioscaí arna sainaithint ag aerfoirt áitiúla; (v) an gá atá le tacú le himscrúduithe ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine; (vi) comhar maidir le filleadh; (vii) agus comhar i mbainistiú teorainneacha.

Tá sé curtha in iúl ag an Ungáir, ag an Ísiltír agus ag an bPortaingéil go bhfuil cúraimí a bhaineann leis an imirce dhleathach ina dtoisc freisin i gcinntí imscartha (e.g. tacú le sásraí meara dlíthiúla maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus aghaidh a thabhairt ar chalaois i nósanna imeachta imirce nach mbaineann le tearmann).

Sa Bheilg, rangaítear tríú tíortha tosaíochta bunaithe ar anailís straitéiseach ar shraith critéar lena gcumhdaítear láithreacht phobail an diaspóra, caidreamh trádála, leibhéil gníomhaíochta coiriúla agus éifeachtacht na mbealaí oifigiúla comhair atá ann cheana. Breithníonn an Bheilg oifigigh idirchaidrimh a imscaradh, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh inimirce, i gcás ina measann sí go bhfuil gá le dlúthchomhar i dtríú tíortha chun sásraí foirmiúla a chomhlánú. Ar an gcaoi chéanna, sa Ghearmáin, tá cinntí imscartha na-oifigeach idirchaidrimh inimirce bunaithe ar mheasúnuithe straitéiseacha agus oirbheartaíochta, agus treochtaí imirce i dtríú tíortha, cúraimí oibríochtúla agus leasanna straitéiseacha náisiúnta á gcur san áireamh.

Príomhthoisc eile i gcinntí imscartha is ea comhaontuithe déthaobhacha lena n-éascaítear comhar idir Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce le hoifigigh idirchaidrimh inimirce imscartha agus le tíortha óstacha. I gcás ina bhfuil comhaontuithe den sórt sin i bhfeidhm, cuireann siad bunús tábhachtach ar fáil d'imscaradh éifeachtach na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce. Bíonn tionchar ag dálaí slándála agus ag na hacmhainní atá ar fáil ar chinntí maidir le himscaradh freisin.

Ar deireadh, leag an Laitvia, an tSlóivéin agus an tSualainn béim ar a thábhachtaí atá sé leasanna agus tosaíochtaí níos leithne an Aontais a chur san áireamh agus oifigigh idirchaidrimh inimirce á n-imscaradh. Sa chomhthéacs sin, tá ocht dtír([19]) tar éis oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um fhilleadh ([20]) a imscaradh faoi láthair le tacaíocht ó Frontex chun oibriú i dtríú tíortha thar ceann an Aontais, agus ar an gcaoi sin cur chuige Fhoireann na hEorpa a ghlacadh i réimse an fhillte.

Tá oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce i gcroílár líonraí na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce. Is oifigigh idirchaidrimh inimirce sonracha iad atá á n-imscaradh ag an gCoimisiún (AS HOME) ([21]) ó 2015 i leith chun leasanna an Aontais i réimse na himirce a chomhordú agus ionadaíocht a dhéanamh orthu. Is é is aidhm d'oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce a imscaradh tionchar ghníomhaíocht an Aontais ar bhainistiú imirce i dtíortha comhpháirtíochta a uasmhéadú agus teagmháil níos fearr a dhéanamh leis na príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais. Áirítear ar a gcúraimí faisnéis a bhailiú maidir le treochtaí imirce, rannchuidiú le feasacht staide agus réamhaisnéisiú an Aontais, tacú le cur chun feidhme thosaíochtaí beartais an Aontais, agus líonraí áitiúla agus réigiúnacha na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a éascú agus tacú leo. Tá oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce imscartha faoi láthair chuig 17 dtríú tír tosaíochta([22]) arna sainaithint ag an gCoimisiún.

([19]) An Bheilg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn agus an tSualainn.

([20]) Is oifigeach idirchaidrimh speisialaithe ó Bhallstát é oifigeach idirchaidrimh Eorpach um fhilleadh, arna íoc ag an Aontas agus arna imscaradh chuig tríú tír d'fhonn ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna an Aontais Eorpaigh maidir le filleadh trí chéannacht náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhíorú, acmhainneachta a neartú i réimse an fhillte, tacú le hoibríochtaí comhpháirteacha um fhilleadh a eagrú faoi chomhordú Frontex agus cur chun feidhme ath-imeasctha agus cúnaimh iartheachta a éascú.

([21]) Maidir le hoifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce is iad na hoifigigh idirchaidrimh amháin a imscarann an Coimisiún faoi láthair.

([22]) Is iad seo a leanas na 17 dtríú tír tosaíochta le haghaidh imscaradh na n-oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce: An Airméin, an Bhanglaidéis, an Aetóip, an Éigipt, an Ghaimbia, an Liobáin, Mailí, an Mhárataín, Maracó, an Nígir, an Nigéir, an Phacastáin, an tSeineagáil, an tSeirbia, an tSúdáin, an Túinéis agus an Tuirc. Roghnaíodh tíortha nua imscartha bunaithe ar riachtanais a shainaithin an Mheitheal um Ghnéithe Seachtracha de Thearmann agus Imirce.

Maidir le himscaradh ag gníomhaireachtaí an Aontais, tá oifigigh idirchaidrimh Frontex imscartha ag Frontex faoi láthair chuig seacht dtír lena gcumhdaítear 14 thír chomhpháirtíochta san iomlán([23]). Tugann Frontex tosaíocht d'oifigigh idirchaidrimh a imscaradh chuig na tíortha comhpháirtíochta sin arb ionann iad, ar bhonn anailís riosca, agus tíortha tionscnaimh nó tíortha idirthurais don imirce neamhrialta. Déantar tíortha atá ábhartha i réimse an fhillte a mheas freisin([24]). Maidir le Europol, braitheann sé go príomha ar oifigigh idirchaidrimh na mBallstát agus na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta a thionól chuig a cheanncheathrú agus faoi láthair ní dhéanann sé ach oifigigh idirchaidrimh a imscaradh chuig Interpol agus Washington. Níl aon oifigeach idirchaidrimh inimirce imscartha ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann go fóill.

2.2 Imscaradh comhpháirteach

I bhfianaise an chuspóra fhoriomláin maidir le comhar agus comhordú a áirithiú, leagtar béim sa Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce ar a thábhachtaí atá imscaradh comhpháirteach. Go sonrach, luaitear ann gur cheart imscaradh comhpháirteach a chur chun cinn chun feabhas a chur ar an gcomhar oibríochtúil agus ar chomhroinnt faisnéise idir na Ballstáit agus chun freagairt do riachtanais ar leibhéal an Aontais, mar atá sainithe ag an mBord Stiúrtha. I gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, féadfaidh Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce teacht ar chomhaontú, ar bhonn déthaobhach nó iltaobhach, go bhféadfaidh oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh ag Ballstát amháin chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta ionadaíocht a dhéanamh ar a leasanna freisin. Sna cásanna sin, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann tacaíocht airgeadais a fháil ón Aontas.

Níor bhain Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce leas as an deis sin go fóill agus tarraingíonn siad aird ar roinnt bacainní maidir le déanamh amhlaidh. De réir roinnt Ballstát, is fearr oifigigh idirchaidrimh inimirce a imscaradh i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta imirce, chun díriú ar réigiúin a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo dóibh. Leag Ballstáit eile béim ar íogaireacht an imscartha chomhpháirtigh, chomh maith le deacrachtaí dlíthiúla nó réamhriachtanais nós imeachta. Breathnaítear freisin ar shrianta teoranta acmhainneachta agus acmhainní mar thosca a chuireann bac ar imscaradh comhpháirteach.

2.3 Raon feidhme shainordú na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce

Foráiltear le hAirteagal 2 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go measfar gur oifigigh idirchaidrimh inimirce iad oifigigh idirchaidrimh fiú mura bhfuil i gceist le saincheisteanna a bhaineann le hinimirce ach 'cuid dá ndualgais'. Dá bhrí sin, tá Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce comhdhéanta d'oifigigh idirchaidrimh

([23]) An Albáin (lena gcumhdaítear freisin an Mhacadóin Thuaidh agus an Chosaiv*), an Mholdóiv (lena gcumhdaítear freisin an Úcráin, an tSeoirsia, an Airméin agus an Asarbaiseáin), Maracó, an Phacastáin, an tSeineagáil (lena gcumhdaítear freisin an Ghaimbia agus an Mhárataín), an tSeirbia (lena gcumhdaítear freisin an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus Montainéagró) agus an Tuirc.

([24]) Leagtar síos freisin in Airteagal 77(4) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach an bunús le himscaradh Oifigigh Idirchaidrimh Frontex um Fhilleadh cé nár imscaradh aon cheann acu go fóill. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32019R1896.

arna n-imscaradh nach ndíríonn ach ar chúrsaí inimirce agus d'oifigigh idirchaidrimh a dhéileálann le hinimirce mar chuid de phunann níos leithne cúraimí.

Tá cothromaíocht chóir ann idir na Ballstáit a roghnaíonn oifigigh idirchaidrimh inimirce a imscaradh le cúraimí a bhaineann go heisiach leis an inimirce agus na Ballstáit a dhéanann oifigigh idirchaidrimh inimirce a imscaradh agus cúraimí inimirce orthu atá mar chuid de raon níos leithne freagrachtaí. Ba ghnách leis na Ballstáit sin a raibh orthu aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí imirce níos líonmhaire tosaíocht a thabhairt d'imscaradh na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a raibh cúraimí a bhaineann go heisiach le hinimirce orthu agus é mar aidhm acu tacú le comhar imirce le príomhthíortha comhpháirtíochta, go háirithe chun imirce neamhrialta a laghdú agus fillteacha a éascú. Os a choinne sin, na Ballstáit sin a chomhtháthaigh cúraimí inimirce i sainorduithe níos leithne, tharraing siad aird ar an tsolúbthacht oibríochtúil dá bhforáiltear leis sin, chomh maith le srianta acmhainní, lena n-áirítear breithnithe buiséadacha. Ar deireadh, thuairiscigh roinnt Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce gur úsáid siad meascán de shainorduithe eisiacha agus níos leithne araon de réir riachtanais straitéiseacha agus chomhthéacs oibríochtúil gach imscartha.

2.4 Cúraimí agus freagrachtaí

Déanann oifigigh idirchaidrimh inimirce a gcúraimí faoi chuimsiú na bhfreagrachtaí arna sainiú ag na húdaráis imscartha. Tá an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce gan dochar go sonrach don fhreagracht atá ar údaráis imscartha raon feidhme agus sannadh chúraimí agus línte tuairiscithe a gcuid oifigeach idirchaidrimh inimirce faoi seach a shainiú.

Leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce réimse leathan cúraimí, lena n-áirítear sraith iomlán cúraimí a bhaineann leis an imirce. Mar sin féin, de réir beagnach gach Comhalta de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, baineann freagrachtaí na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, go bunúsach, le faisnéis faoi threochtaí imirce a bhailiú, a mhalartú agus a anailísiú, go háirithe maidir le himirce neamhrialta agus smuigleáil imirceach, chun bonn eolais a chur faoi phróisis chinnteoireachta straitéiseacha ag a gceanncheathrú. Oibríochtaí um fhilleadh a éascú trí chúnamh a thabhairt leis na próisis lóistíochta agus dhlíthiúla is gá chun tacú le haisdúichiú, tá sé sin mar chuid de chúraimí na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce freisin de réir fhormhór na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce.

Dúirt thart ar leath de Chomhaltaí uile Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce gur áiríodh ar chúraimí na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce tacú le himscrúduithe ar smuigleáil imirceach nó ar gháinneáil ar dhaoine agus tacú le cúraimí imirce dleathaí, lena n-áirítear nósanna imeachta imirce dleathaí, bailiú faisnéise maidir le conairí imirce dleathaí agus an próiseas iarratais ar víosaí.

Is cúram é an oiliúint, mar fhothú acmhainneachta d'údaráis óstacha agus d'fhoireann chonsalach araon, a dhéanann oifigigh idirchaidrimh inimirce go minic freisin. Cé go ndíríonn an chéad cheann ar chúraimí bainistithe teorainneacha den chuid is mó, lena n-áirítear calaois doiciméad, rialacha Schengen agus measúnuithe ar phaisinéirí, tugann an dara ceann tacaíocht do phróiseáil víosaí d'fhonn calaois víosaí a chosc trí chomhar áitiúil

Schengen ([25]). Luaigh líon beag Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce cúraimí oifigigh idirchaidrimh aerfoirt, amhail cúnamh maidir le fíorú doiciméad agus measúnuithe ar phaisinéirí.

Faoi láthair, níor thuairiscigh aon Chomhalta de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go bhfuil baint ag a gcuid oifigeach idirchaidrimh inimirce le gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint/athlonnú.

Ar deireadh, thuairiscigh na Ballstáit gur minic a bhíonn ról nach beag ag oifigigh idirchaidrimh inimirce maidir le comhar a chothú le húdaráis na dtíortha óstacha, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an gcaidreamh déthaobhach d'fhonn dúshláin imirce a bhainistiú i gcomhar le chéile.

Dúirt formhór na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go ndéanann siad infheistíocht nach beag chun creataí oiliúna láidre a bhunú dá gcuid oifigeach idirchaidrimh inimirce, agus oiliúint tosaigh agus/nó leanúnach á soláthar acu atá saincheaptha chun na scileanna agus an t-eolas is gá a thabhairt d'oifigigh idirchaidrimh inimirce chun a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach. Mar sin féin, thug thart ar aon trian de Chomhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce le fios nach raibh aon oiliúint chaighdeánaithe tosaigh ná leanúnach acu d'oifigigh idirchaidrimh inimirce.

2.5 Rochtain ar chórais faisnéise mhórscála an Aontais

Chun a chur ar chumas oifigeach idirchaidrimh inimirce a gcúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce (cé is moite d'oifigigh idirchaidrimh inimirce an Choimisiúin) rochtain a thabhairt d'oifigigh idirchaidrimh inimirce ar chórais faisnéise gnóthaí baile ar mhórscála de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Córas Eorpach chun comparáid a dhéanamh idir taifid dhachtalascópacha iarrthóirí tearmainn (Eurodac), Córas Faisnéise Schengen (CFS), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), agus an córas do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO), faoi ionstraimí dlí sonracha an Aontais lena rialaítear na córais sin([26]).

Thuairiscigh Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce leibhéil éagsúla rochtana ar na córais faisnéise sin agus a n-úsáid. Tá thart ar leath d'oifigigh idirchaidrimh inimirce na mBallstát, chomh maith le hOifigigh Idirchaidrimh Europol, in ann rochtain dhíreach a fháil ar chóras faisnéise gnóthaí baile mórscála amháin de chuid an Aontais ar a laghad agus fiosrúcháin a reáchtáil ina leith. Ba iad CFS agus VIS na córais ba mhinice a luadh, cé gur luadh Eurodac agus FADO freisin. Thuairiscigh roinnt Ballstát([27]) nach raibh a gcuid oifigeach idirchaidrimh inimirce in ann fiosrúcháin a reáchtáil go díreach ar chórais faisnéise gnóthaí baile mhórscála an Aontais, cé go bhféadfaidís faisnéis a iarraidh go lárnach tríd an údarás údaraithe.

([25]) Rialaítear comhar áitiúil Schengen leis an gCód Víosaí; tagraítear ann don chomhar struchtúrtha idir toscaireacht an Aontais agus consalachtaí na mBallstát i ngach tríú tír a mhéid a bhaineann le hábhair víosaí Schengen.
([26]) Is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) a bhainistíonn na córais faisnéise sin, cé is moite de FADO, atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), le tacaíocht theicniúil ó eu-LISA.
([27]) An Bheilg, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin.

Léiríonn na leibhéil éagsúla rochtana ar chórais faisnéise gnóthaí baile ar mhórscála an Aontais an raon leathan próifílí oifigeach idirchaidrimh inimirce, ó oifigigh forfheidhmithe dlí ar dóichí rochtain a bheith acu mar gheall ar a gcúraimí forfheidhmithe dlí, go baill foirne ó aireachtaí imirce nó gnóthaí eachtracha ar lú an seans go mbeidh rochtain acu toisc nach mbaineann forfheidhmiú an dlí lena gcúraimí. Luadh breithnithe teicniúla agus slándála freisin mar chúis le rochtain oifigeach idirchaidrimh inimirce a shrianadh. Sa bhreis ar na breithnithe sin, áfach, léiríodh go bhfuil an rochtain oibríochtúil atá ag Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce ar chórais faisnéise mhórscála an Aontais ilroinnte.

3. Feidhmiú líonraí na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce

3.1 Rannpháirtíocht i líonraí áitiúla agus réigiúnacha na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce

Le hAirteagal 5 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, ceanglaítear ar oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh chuig na tíortha nó na réigiúin chéanna líonraí a bhunú ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach. Thairis sin, ceanglaítear leis ar na líonraí áitiúla agus réigiúnacha sin teacht le chéile go rialta agus nuair is gá agus feidhmiú mar fhóraim don chomhar, don chomhordú agus chun faisnéis a chomhroinnt. Sa bhreis ar cheanglais an Rialacháin, tá comhordú leanúnach agus comhroinnt faisnéise idir oifigigh idirchaidrimh inimirce agus toscaireachtaí an Aontais agus misin CBSC ar an láthair (go háirithe i gcás ina bhfuil sainordú inimirce ag na misin sin) ríthábhachtach do bhainistiú éifeachtach imirce an Aontais.

Maidir lena rannpháirtíocht i líonraí áitiúla na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, tá leibhéil éagsúla rannpháirtíochta léirithe ag Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce. Thuairiscigh a bhformhór mór go nglacann siad páirt ghníomhach, rud a léiríonn go bhfreastalaíonn siad go rialta ar chruinnithe agus go malartaíonn siad faisnéis. Bhí rannpháirtíocht theoranta nó ní raibh aon rannpháirtíocht ag líon beag Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce le líonraí áitiúla na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, go minic mar gheall ar shrianta a bhaineann leis an ualach oibre, mar gheall ar fhreagrachtaí leathana oifigeach idirchaidrimh inimirce nó, i gcás amháin, mar gheall ar an easpa líonraí a bhí ar fáil dá n-oifigigh chun dul i dteagmháil le tíortha óstacha.

Ghlac Oifigigh Idirchaidrimh Europol atá lonnaithe in Washington páirt ghníomhach i gcruinnithe comhordúcháin áitiúla oifigeach idirchaidrimh inimirce, lena n-áirítear maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine. Ghlac Oifigigh Idirchaidrimh Frontex páirt ghníomhach freisin i líonraí áitiúla cibé áit ar imscaradh iad.

Dúirt thart ar leath na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go nglacann siad páirt ghníomhach i líonraí réigiúnacha na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a dhíríonn ar mhalartú faisnéise, ar chomhordú agus ar rannpháirtíocht i bhfóraim réigiúnacha amhail Próisis Chartúm agus Rabat agus i gcomhdhálacha réigiúnacha amhail comhdháil oifigeach idirchaidrimh inimirce Chomhphobal Faisnéise Frontex na hAfraice

(AFIC). Ghlac roinnt eile acu páirt ar bhonn ócáideach mar gheall ar easpa struchtúr líonra réigiúnach i réimsí áirithe, ualach oibre, teorainneacha buiséid nó spéis theoranta.

Níor thuairiscigh Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go raibh deacrachtaí móra acu faisnéis a fháil nó a mhalartú idir oifigigh idirchaidrimh inimirce. Mar sin féin, leag roinnt Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce béim ar an ngá atá le soiléireacht níos fearr ar leibhéal an Aontais maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir oifigigh idirchaidrimh inimirce nó bhí deacrachtaí dlíthiúla acu a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta. I ndáil leis sin, tá forálacha in Airteagal 10 lena gceadaítear d'oifigigh idirchaidrimh inimirce sonraí pearsanta a phróiseáil, le haghaidh cúraimí sonracha áirithe([28]).

Mar thoradh air sin, ach freisin mar gheall ar easpa uirlis malartaithe faisnéise sho-úsáidte d'oifigigh idirchaidrimh inimirce, is minic a chuaigh oifigigh idirchaidrimh inimirce i muinín sásraí cumarsáide nach raibh chomh foirmiúil céanna, amhail feidhmchláir teachtaireachtaí móibíleacha, mar gheall ar a n-infhaighteacht ina suíomhanna postaithe.

3.2 Ról éascaitheora i líonraí áitiúla

Tá ról an éascaitheora líonra ríthábhachtach chun líonraí áitiúla agus réigiúnacha a bhunú agus chun go bhfeidhmeoidh na líonraí sin go héifeachtach. Feidhmíonn éascaitheoir an líonra mar an fórsa tiomána laethúil atá taobh thiar de chomhar agus comhordú na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach araon, agus tá ról lárnach aige maidir le tionchar oibríochtúil na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a uasmhéadú.

Mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, sanntar freagracht go huathoibríoch do na hoifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh ag an gCoimisiún (i.e. oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce), a bhfuil sainordú bunúsach Eorpach acu, chun na líonraí a éascú agus chun tacú leo. Shainaithin Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go minic go raibh ról lárnach ag oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce maidir le comhordú níos láidre agus dinimic líonra níos réamhghníomhaí agus níos comhtháite a chothú. I roinnt mhaith toscaireachtaí an Aontais, tá oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce anois ina bpríomhacmhainní i réimse na himirce, ag gníomhú dóibh mar dhroichead tábhachtach idir toscaireachtaí an Aontais, na Ballstáit agus na húdaráis áitiúla. Bhí tionchar na n-oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce teoranta, áfach, mar gheall ar dheacrachtaí méadaitheacha maidir le folúntais a líonadh le haghaidh oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce. Eascraíonn an tsaincheist sin as an ualach airgeadais a bhaineann le hoifigigh idirchaidrimh Eorpacha um

([28]) Leis an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, ceadaítear sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh na gcúraimí seo a leanas: (a) céannacht agus náisiúntacht na náisiúnach tríú tíortha a shuíomh agus filleadh na náisiúnach sin a éascú i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE, chomh maith le cabhrú lena n-athlánpháirtiú, i gcás inarb ábhartha agus inar féidir; (b) céannacht daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a dheimhniú chun críocha athlonnú na ndaoine sin san Aontas a éascú, lena n-áirítear trí fhaisnéis agus tacaíocht réamh-imeachta leordhóthanach a chur ar fáil dóibh, i gcás inar féidir; (c) céannacht a dheimhniú agus cur chun feidhme bhearta an Aontais agus beart náisiúnta a éascú i leith inimircigh dleathacha a ligean isteach; (d) faisnéis a fuarthas le linn chomhlíonadh a ndualgas a roinnt laistigh de líonraí oifigeach idirchaidrimh inimirce agus le húdaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear le húdaráis forfheidhmithe dlí, chun imirce neamhrialta a chosc agus a bhrath chomh maith le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

imirce a imscaradh a bheith ar na Ballstáit tionscnaimh. Mar thoradh air sin, níl oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce imscartha chuig roinnt tíortha comhpháirtíochta tosaíochta faoi láthair([29]), agus tá formhór na bpost oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce á líonadh ag an nGearmáin.

I dtíortha nach n-imscarann an Coimisiún oifigigh idirchaidrimh inimirce iontu, ní mór d'oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh ag gníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais líonraí áitiúla agus réigiúnacha a éascú agus tacú leo. Tá ról ceannasach glactha ag Oifigigh Idirchaidrimh Frontex i Maracó, sa tSeineagáil, sa Mholdóiv agus sa Tuirc agus/nó leanann siad de ról ceannasach a ghlacadh iontu. Tá ról ceannasach glactha ag Oifigigh Idirchaidrimh Europol atá lonnaithe in Washington i bhfóraim amhail an Cumann Oifigeach Idirchaidrimh agus an Comhlachas Idirnáisiúnta um Fhorfheidhmiú an Dlí. Aithníodh go forleathan freisin rannchuidiú dearfach na n-oifigeach idirchaidrimh ó ghníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais maidir le líonraí áitiúla agus réigiúnacha a éascú i measc na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, d'ainneoin nach raibh ach líon beag díobh ann.

I dtíortha nach ndéanann an Coimisiún ná gníomhaireachtaí de chuid an Aontais oifigigh idirchaidrimh inimirce a imscaradh iontu, déanfaidh oifigeach idirchaidrimh inimirce Ballstáit, arna chomhaontú ag comhaltaí an líonra áitiúil nó réigiúnaigh, líonraí áitiúla agus réigiúnacha a éascú. Tá roinnt Ballstát tar éis gníomhú chun ról ceannasach a ghlacadh maidir le líonraí áitiúla na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a éascú, lena n-áirítear an Ungáir, an Iodáil, an Ísiltír, an Iorua, an Spáinn agus an Eilvéis. Mar sin féin, is beag líon díobh atá ann go fóill. Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a dúirt nár ghlac siad le ról ceannasach i líonraí áitiúla nó réigiúnacha, tharraing siad aird den chuid is mó ar an ualach oibre mar chúis leis sin, agus mhínigh siad go bhféadfadh ról ceannasach a bheith acu cur isteach ar dhualgais eile na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce i bhfianaise a bhfreagrachtaí oibríochtúla níos leithne nó a n-ualaigh oibre fhoriomláin.

3.3 Rannchuidiú oifigeach idirchaidrimh inimirce chun léiriú staide Eorpach a fhorbairt

Chun freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do thosaíochtaí an Aontais, leagtar béim sa Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce ar 'an gá atá le hoifigigh idirchaidrimh inimirce chun a áirithiú go rannchuideoidh a léargas agus a n-eolas go hiomlán chun léiriú staide cuimsitheach a bhunú maidir le tríú tíortha'([30]).

Déanann oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce rannchuidiú i bhfóraim éagsúla, lena n-áirítear i sásra comhordúcháin oibríochtúil na Comhairle le haghaidh ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM) agus don Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime. Tá coinne leis freisin go gcuirfidh oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um imirce tuarascálacha míosúla agus *ad hoc* ar fáil a rannchuideoidh, *inter alia*, le tuarascálacha um Fheasacht agus Anailís Chomhtháite Staide (ISAA) agus le cruinnithe an Treoirphlean Ullmhachta

([29]) An Airméin, an Bhanglaidéis, an Éigipt, an Aetóip, an Ghaimbia agus an Tuirc. Tá imscaradh oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce chuig an Nígir agus chuig an tSúdáin ar feitheamh faoi láthair. Tá éascú líonra áitiúil na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce á dhéanamh ag an Oifig Idirchaidrimh Frontex a imscartar chuig an Tuirc.
([30]) Aithris (7) den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce.

Imirce agus Géarchéime agus foilsítear iad ar shuíomh gréasáin na freagartha comhtháite polaitiúla ar ghéarchéimeanna.

I dteannta oifigigh idirchaidrimh inimirce na mBallstát a thuairiscíonn dá n-údaráis náisiúnta inniúla, iarrtar le hAirteagal 9 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go ndéanfaí faisnéis a chomhroinnt ar fud an Aontais trí ardán slán gréasánbhunaithe um malartú faisnéise. Chun na críche sin, tá leas bainte ag an gCoimisiún as ardán Chóras Malartaithe Faisnéise um Ghréasán Imirce na hEorpa atá ann cheana chun feidhmiú mar uirlis chomhroinnte faisnéise Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, lena n-áirítear chun críoch riaracháin a bhaineann le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce([31]).

Go dtí seo, is beag Comhalta de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce atá cláraithe le hardán Chóras Malartaithe Faisnéise um Ghréasán Imirce na hEorpa, agus is lú fós an líon comhaltaí a úsáideann é chun faisnéis a chomhroinnt. Dheimhnigh Comhaltaí uile de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce gur bhain siad úsáid an-teoranta, más ann di, as an ardán. I measc na ndúshlán agus na mbacainní a luadh maidir le leibhéal íseal úsáide ardán Chóras Malartaithe Faisnéise um Ghréasán Imirce na hEorpa, bhí drochthaithí úsáideoirí, easpa caighdeánaithe i gcomhroinnt faisnéise, réamhúdarú a bheith ag teastáil ó údaráis lárnacha sula n-uaslódáiltear faisnéis, agus easpa feasachta agus faisnéis ábhartha ar an ardán. Ar deireadh, in ainneoin fhorálacha an Rialacháin maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, tharraing roinnt Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce aird freisin ar bhaic dhlíthiúla a chuir cosc orthu ardán Chóras Malartaithe Faisnéise um Ghréasán Imirce na hEorpa a úsáid go héifeachtach.

Níl ach líon beag oifigeach idirchaidrimh inimirce arna bpostú ag Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce nasctha le Feidhmchlár an Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) de chuid Europol, in ainneoin go n-iarrtar i gclár oibre débhliantúil Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go mbunófaí treoirthionscadal chun oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh i dtríú tíortha ag údaráis forfheidhmithe dlí a nascadh. Ba dhíol sásaimh do Europol nascacht fheabhsaithe oifigigh idirchaidrimh inimirce le SIENA, á chur i bhfios go láidir go gcuirfeadh tuairisciú gníomhach oifigigh idirchaidrimh inimirce do Europol feabhas ar an sreabhadh faisnéise maidir le smuigleáil imirceach agus coireanna gaolmhara, rud a rannchuideodh le pictiúr faisnéise fíor-ama níos cruinne agus a thacódh le cur chuige níos sonraíbhunaithe agus níos réamhtheachtaí maidir le cur isteach ar líonraí coiriúla. Le Rialachán Europol, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2025/2611 ([32]), ceanglaítear ar na Ballstáit a gcuid oifigeach idirchaidrimh

([31])Luaitear in Airteagal 9 nach mór a áireamh san fhaisnéis a chomhroinntear tríd an ardán malartaithe faisnéise, *inter alia*, cláir oibre dhébhliantúla Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, liosta cothrom le dáta de chomhaltaí an Bhoird Stiúrtha, liosta cothrom le dáta de shonraí teagmhála oifigeach idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh chuig tríú tíortha, agus doiciméid ábhartha a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cinntí an Bhoird Stiúrtha. Luaitear in Airteagal 9 freisin, cé is moite d'fhaisnéis faoi oifigigh idirchaidrimh inimirce atá imscartha agus faoi chomhaltaí Bhord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, nár cheart sonraí pearsanta ná aon nasc trína bhfuil sonraí pearsanta den sórt sin ar fáil go díreach nó go hindíreach a bheith san fhaisnéis a mhalartaítear tríd an ardán slán gréasánbhunaithe um malartú faisnéise.
([32]) lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/794 a mhéid a bhaineann le tacaíocht Europol a neartú agus an comhar póilíneachta a fheabhsú chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32025R2611.

inimirce a nascadh le SIENA chun faisnéis ábhartha a chur faoi bhráid Europol go díreach nó trí údaráis náisiúnta. ([33]).

Go sonrach i gcás na n-oifigeach idirchaidrimh Eorpach um fhilleadh, chuir Frontex i dtábhacht, cé gur ceadaíodh leis an bhFeidhmchlár Bainistíochta Comhtháite maidir le Filleadh (IRMA) faisnéis a bhaineann le filleadh a chomhroinnt, nach raibh rochtain ag oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um fhilleadh ar chórais lenar féidir cineálacha eile faisnéise oibríochtúla a mhalartú, lena n-áirítear faisnéis chun feasacht staide a fhorbairt. Mar shampla, níl rochtain ag oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um fhilleadh ná ag oifigigh idirchaidrimh Frontex ar an gCóras Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR).

D'iarr Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce arís agus arís eile go gcuirfí creataí cumarsáide struchtúrtha agus na huirlisí comhfhreagracha i bhfeidhm chun malartuithe slána sonraí a dhéanamh níos éifeachtaí, mar bhealach chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce.

3.4 Rannchuidiú Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce le bainistiú imirce

D'aithin Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go forleathan rannchuidiú dearfach Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce le bainistiú imirce. Go háirithe, leag siad béim ar an ról tábhachtach atá ag Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce maidir le faisnéis ríthábhachtach, oibríochtúil agus straitéiseach a bhailiú agus a chomhroinnt, lena n-áirítear maidir le treochtaí i ndáil le bealaí éagsúla imirce, modhanna oibriúcháin smuigléirí imirceach agus bagairtí atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, chuir siad i dtábhacht go raibh soláthar faisnéise tráthúla, iontaofa agus inghníomhaithe allamuigh ag oifigigh idrichaidrimh inimirce ríthábhachtach don fheasacht staide, don anailís riosca agus don chinnteoireacht eolasach.

Ó thaobh na hoibríochta de, tá ardmheas freisin ar an ról atá ag oifigigh idirchaidrimh inimirce i réimse an fhillte. Cuireann oifigigh idirchaidrimh inimirce, agus go háirithe oifigigh idirchaidrimh Eorpacha um fhilleadh, idirphlé agus comhar chun cinn, lena n-áirítear trí chláir fothaithe acmhainneachta agus trí thacú le hiarrachtaí chun fillithe a shainaithint. Éascaíonn siad oibríochtaí um fhilleadh freisin agus cuidíonn siad le faireachán a dhéanamh ar chomhpháirtithe áitiúla ath-imeasctha na gClár Eorpach um Ath-imeascadh.

Tá oifigigh idirchaidrimh inimirce lárnach freisin sna hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce chun smuigleáil imirceach a chomhrac. I measc na rannchuidithe ó oifigigh idirchaidrimh inimirce tá bealaí smuigleála agus treochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus doiciméid chalaoiseacha agus patrúin taistil amhrasacha a bhrath. I measc na rannchuidithe eile tá comhairle a chur ar aerlínte ag aerfoirt agus comhoibriú ar an láthair le himscrúduithe agus le hoibríochtaí chun deireadh a chur le grúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine. Thairis sin, aithnítear oifigigh idirchaidrimh inimirce as a rannchuidiú luachmhar le tacú le comhar áitiúil Schengen agus le húdaráis chonsalacha

([33]) Foráiltear le Rialachán Europol freisin, i gcás nach féidir oifigeach idirchaidrimh inimirce a nascadh le SIENA ar chúiseanna dlíthiúla, eagraíochtúla nó teicniúla, cuirfidh an t-oifigeach idirchaidrimh inimirce sin an fhaisnéis ábhartha faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta trí bhealaí slána eile.

maidir le hiarratais ar víosaí a phróiseáil, go háirithe maidir le cuidiú le doiciméid chalaoiseacha a bhrath.

Ar an iomlán, mheas Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce gur 'droichead ríthábhachtach le húdaráis na dtíortha comhpháirtíochta' iad oifigigh idirchaidrimh inimirce a chuidíonn le comhar criticiúil laethúil a fhorbairt le contrapháirtithe i dtíortha óstacha chomh maith le caidrimh iontaoibh-bhunaithe a thacaíonn le comhar éifeachtach agus a chumasaíonn réiteach tapa pragmatach ar fhadhbanna. Mar sin féin, uaireanta bíonn comhar agus comhordú laistigh de líonraí na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce neamhréireach agus braitheann sé go mór ar thiomantas pearsanta agus ar cheannaireacht éascaitheoirí líonraí.

4. Cur chun feidhme shainordú an Bhoird Stiúrtha

4.1 Bunú agus feidhmiú an Bhoird Stiúrtha

Le hAirteagal 7 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, bunaítear Bord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a bhfuil an Coimisiún ina chathaoirleach air. Idir mí an Mheithimh 2019, nuair a glacadh an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, agus mí na Nollag 2025, tionóladh 12 chruinniú den Bhord Stiúrtha, ar an láthair nó ar líne. An 4 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Bord Stiúrtha a rialacha nós imeachta mar a cheanglaítear le hAirteagal 8 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce.

Chomh maith lena chúraimí riaracháin a chur i gcrích mar chomhlacht rialaithe Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, táthar ag súil go soláthróidh an Bord Stiúrtha, ina gcuimsítear cur chuige Fhoireann na hEorpa i leith phobal na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce imscartha, an stiúradh straitéiseach chun an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, cur chuige Fhoireann na hEorpa ar an láthair.

Le gníomhaíochtaí a thagann faoi fhreagracht an Bhoird Stiúrtha, amhail bearnaí imscartha a shainaithint, measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le himscaradh breise oifigeach idirchaidrimh inimirce agus teacht ar chomhaontú maidir le gníomhaíochtaí *ad hoc* arna ndéanamh ag líonraí áitiúla agus réigiúnacha na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, ceanglaítear ar an mBord Stiúrtha spreagadh straitéiseach a thabhairt. Go dtí seo, áfach, bhí an Bord Stiúrtha ag brath beagnach go hiomlán ar stiúradh an Choimisiúin, agus níor bhain Comhaltaí eile de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce úsáid i ndáiríre as acmhainneacht iomlán an Bhoird Stiúrtha go fóill, mar shampla chun tríú tíortha tosaíochta a shainaithint le haghaidh imscaradh comhpháirteach nó chun tionscadail nó cruinnithe oibríochtúla tráthúla na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a mholadh.

Le hAirteagal 7 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, iarrtar freisin ar Chathaoirleach an Bhoird Stiúrtha a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí comhchoiteanna comhaontaithe comhsheasmhach agus comhordaithe le hionstraimí agus struchtúir ábhartha an Aontais agus go léireoidh siad tosaíochtaí an Aontais i réimse na himirce. Cé go bhfuil na gníomhaíochtaí a áirítear sa chlár oibre débhliantúil ailínithe le tosaíochtaí an Aontais, is teoranta an comhordú a rinneadh go dtí seo le meithleacha ábhartha na Comhairle.

4.2 An clár oibre débhliantúil a chur chun feidhme

Le hAirteagal 8 den Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce cuirtear de chúram ar an mBord Stiúrtha tosaíochtaí a shuí agus gníomhaíochtaí a phleanáil i gclár oibre débhliantúil. An 7 Nollaig 2020 glacadh clár oibre débhliantúil 2021-2022 don líonra Eorpach oifigeach idirchaidrimh inimirce agus suíodh trí thosaíocht leis: (i) imirce neamhrialta a chosc agus smuigleáil a chomhrac; (ii) tacú le beartas an Aontais um fhilleadh agus; (iii) tacú le bealaí dlíthiúla chuig an Aontas a chur chun cinn. Faoi gach ceann de na trí thosaíocht, sainaithníodh sraith gníomhaíochtaí([34]), atá le cur chun feidhme le tacaíocht airgeadais ón gCiste Slándála Inmheánaí - Teorainneacha agus Víosaí (2014-2020)([35]).

Ar an mbonn sin, is féidir le Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a mholadh a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tionscadal a chur chun feidhme. Ó glacadh an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, dámhadh tacaíocht dar luach thart ar EUR 8.5 milliún san iomlán ar 10 dtionscadal chun aghaidh a thabhairt ar na trí thosaíocht a leagtar amach sa chlár oibre débhliantúil. Níl ach ceithre Bhallstát – an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn agus an Spáinn([36]) – ar thús cadhnaíochta maidir le tionscadal a chur chun feidhme. Luaigh Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce roinnt cúiseanna nár bhain siad leas as na cistí a bhí ar fáil, lena n-áirítear acmhainní daonna neamhleora, go háirithe maidir le bainistiú tionscadal, uasteorainneacha ísle cistiúcháin, rochtain ar shruthanna cistiúcháin eile an Aontais, agus obair oibríochtúil a bhfuil tosaíocht aici ar thionscadail.

Meastar go bhfuil an clár oibre débhliantúil, arna ghlacadh agus arna leasú ina dhiaidh sin, fós bailí. Dá bhrí sin, thug an Bord Stiúrtha an clár oibre débhliantúil anonn go blianta ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, bhí an clár oibre le haghaidh líonra Eorpach na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce 2021-2022 i bhfeidhm tráth a glacadh an tuarascáil seo.

4.3 Fothú acmhainneachta Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce

Luaitear in Airteagal 8 nach mór don Bhord Stiúrtha tacú le cumais oibríochtúla oifigeach idirchaidrimh inimirce agus iad a fhorbairt, lena n-áirítear trí lárchuraclaim choiteanna fhorlíontacha agus neamhéigeantacha, oiliúint réamh-imscartha agus treoirlínte maidir le

([34]) Le haghaidh thosaíocht 1: fothú acmhainneachta le haghaidh údaráis agus páirtithe leasmhara eile i dtríú tíortha; cúnamh a thabhairt d'údaráis chonsalacha maidir le calaois doiciméad a bhaineann le hiarratais ar víosaí; comhoibriú le Comhpháirtíochtaí Oibríochtúla Comhchoiteanna agus le tionscadail eile arb é is aidhm dóibh smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac; gnáthoifigigh Idirchaidrimh Aerfoirt; treoirthionscadal a bhunú maidir le nasc SIENA i dtríú tíortha; tacú le cumarsáid maidir le ETIAS i dtríú tíortha. Le haghaidh thosaíocht 2: fothú acmhainneachta le haghaidh údaráis agus páirtithe leasmhara eile i dtríú tíortha; tacú le cúraimí oifigeach idirchaidrimh inimirce a bhaineann le filleadh agus athligean isteach i dtríú tíortha. Le haghaidh thosaíocht 3: fothú acmhainneachta le haghaidh údaráis agus páirtithe leasmhara eile i dtríú tíortha; tacú le bealaí dlíthiúla chuig an Aontas.

([35]) Leasaíodh an clár oibre débhliantúil an 30 Iúil 2021 chun 1) cistiú thionscadail oifigeach idirchaidrimh inimirce a cheadú leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV); 2) na critéir incháilitheachta le haghaidh tairbhithe dámhachtana dírí a leathnú; 3) go mbeidh an deis ag na Ballstáit uile iarratas a dhéanamh ar dhámhachtainí díreacha as tionscadail a chur i gcrích ar fud thrí thosaíocht an chláir oibre; 4) a shoiléiriú go bhfuil cistiú ar fáil freisin chun gníomhaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme.

([36]) Thacaigh an Ísiltír, an Iorua agus an Pholainn freisin le tionscadail a chur chun feidhme mar chomhpháirtithe tánaisteacha.

cearta bunúsacha a urramú ina ngníomhaíochtaí agus béim ar leith á leagan ar dhaoine leochaileacha.

Cé gur thacaigh formhór na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce leis an smaoineamh curaclam coiteann oiliúna na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a fhorbairt agus a chur ar fáil do chúrsaí an Aontais, ní dhearnadh obair leantach air sin go fóill sa chleachtas. Chuir roinnt Ballstát i dtábhacht go n-áiritheofaí le curaclam coiteann bonn eolais aontaithe, go bhfeabhsófaí tuiscint ar thosaíochtaí an Aontais, go gcabhrófaí le cuspóirí a ailíniú, go dtreiseofaí nósanna imeachta seanbhunaithe le haghaidh cumarsáide agus chun faisnéis, tuairimí agus dea-chleachtais a mhalartú, agus ar an gcaoi sin go mbeadh oifigigh idirchaidrimh inimirce níos éifeachtaí trí chur chuige Fhoireann na hEorpa mar a bheartaítear leis an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce. Chreid formhór na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go mbainfí amach le curaclam coiteann comhsheasmhacht níos fearr sa chaoi a gcuirtear dlí agus beartais an Aontais i bhfeidhm, trína áirithiú go ndéantar rialacha a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí, trí chineálacha éagsúla cur chuige a chosc agus tríd an gcomhar idir Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a threisiú.

Iarrtar in Airteagal 8 freisin go ndéanfaí cumais Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a fhorbairt trí sheimineáir chomhpháirteacha a eagrú lena gcumhdaítear raon iomlán na gcúraimí bainistithe imirce. Ó glacadh an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, tionóladh imeacht réigiúnach amháin na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce faoi scáth Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, is é sin cruinniú réigiúnach de Líonra Eorpach na nOifigeach Idirchaidrimh Inimirce maidir le smuigleáil imirceach a chomhrac agus cur chun feidhme na Comhpháirtíochta Oibríochtúla Frithsmuigleála leis na Balcáin Thiar, a tionóladh i dTiorána, an Albáin, an 28-29 Márta 2023. Imeacht réigiúnach eile na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a bhfuil ardmheas air – cé nár eagraíodh go foirmiúil é faoi scáth Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce – is ea cruinniú bliantúil Comhphobal Faisnéise Frontex agus na hAfraice (AFIC) de chuid na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce.

Leag Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce béim ar an tábhacht a bhaineann le cruinnithe na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce. Thar aon ní eile, is pobal cleachtóirí é Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce. Tá spéis mhór i gcruinnithe pearsanta a thionól, ní hamháin ar an leibhéal áitiúil, ach ar an leibhéal réigiúnach freisin, chun go mbeidh an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh ó thíortha atá ar aon intinn leo, in ann teacht le chéile.

5. Conclúidí agus na chéad chéimeanna eile

5.1 Conclúidí

Tá dul chun cinn déanta chun na cuspóirí a bhaint amach maidir le comhar agus comhordú idir oifigigh idirchaidrimh inimirce a fheabhsú agus a áirithiú go rannchuidíonn oifigigh idirchaidrimh inimirce ar bhealach níos fearr le feidhmiú líonra Eorpach na n-oifigeach idirchaidrimh.

Bíonn líonraí áitiúla na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce gníomhach go ginearálta, tá rannpháirtíocht iontu seanbhunaithe, agus aithnítear iad as a luach breise, go háirithe i dtéarmaí comhroinnt faisnéise. Leanann na Ballstáit d'oifigigh idirchaidrimh inimirce a imscaradh chun oibriú go príomha ar an imirce neamhrialta agus ar chúraimí a bhaineann le filleadh, cé go n-iarrtar orthu níos mó agus níos mó cúraimí imirce dleathaí a láimhseáil freisin. I roinnt dlínsí, bhí dlúthbhaint ag oifigigh idirchaidrimh inimirce le comhar áitiúil Schengen agus chuidigh siad le consalachtaí le comhairle maidir le próifílí riosca agus le hiarratais chalaoiseacha ar víosaí a bhrath. Aithníonn Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go forleathan ról oifigeach idirchaidrimh Eorpach um fhilleadh ón gCoimisiún agus ó ghníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais, chomh maith le hoifigigh idirchaidrimh inimirce atá ar iasacht ó na Ballstáit, chun dinimic dhearfach a chothú i líonraí áitiúla agus réigiúnacha. Mar thoradh air sin, tá tacaíocht leathan i measc na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce maidir le hoifigigh idirchaidrimh inimirce bhreise den sórt sin a imscaradh chun dinimic an chomhair i dtíortha óstacha agus cur chuige Fhoireann na hEorpa laistigh de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a neartú. Aithníodh Bord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce mar gheall ar a luach breise mar chomhlacht rialaithe, is é sin trína chlár oibre débhliantúil agus trína ghníomhaíochtaí atá faoi stiúir tosaíochta.

Mar sin féin, tá roinnt dúshlán fós ag baint le hacmhainneacht iomlán Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a bhaint amach, lena n-áirítear é a chur ar a chumas rannchuidiú go cuimsitheach le cur chuige 'an bhealaigh iomláin'.

Cé go bhfuil imscaradh oifigeach idirchaidrimh inimirce ag Europol, Frontex agus an Coimisiún, chomh maith le hoifigigh idirchaidrimh Eorpacha um fhilleadh ag na Ballstáit, ag cuidiú le cur chuige Fhoireann na hEorpa a chothú laistigh de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, is iad na Ballstáit a chinneann agus a dhéanann measúnú den chuid is mó fós ar cheart oifigigh idirchaidrimh inimirce a imscaradh ar bhonn leasanna straitéiseacha agus oibríochtúla náisiúnta, i.e. gan cur chuige Fhoireann na hEorpa á chur san áireamh. Thairis sin, léiríonn neamhréireachtaí maidir le rochtain na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce ar chórais faisnéise mhórscála an Aontais go bhfuil tuilleadh ilroinnte ann.

Ar an leibhéal oibríochtúil, tá idirghníomhaíochtaí idir oifigigh idirchaidrimh inimirce teoranta den chuid is mó do chruinnithe agus malartuithe pearsanta trí fheidhmchláir teachtaireachtaí in éagmais sásraí nó uirlisí so-úsáidte chun faisnéis a mhalartú laistigh de phobail áitiúla, réigiúnacha agus níos leithne na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce. Is minic a bhí comhordú idir líonraí áitiúla na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce agus comhar áitiúil Schengen mar thoradh ar oifigigh idirchaidrimh inimirce aonair a bheith ag gníomhú as a stuaim féin seachas ar chultúr rannpháirtíochta struchtúrtha idir éascaitheoir líonra áitiúil na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce agus an comhfhreagraí le haghaidh comhar áitiúil Schengen i dtoscaireacht an Aontais.

I gcásanna nach ndéanann an Coimisiún ná gníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais oifigigh idirchaidrimh inimirce a imscaradh, is minic a bhíonn gníomhaíochtaí líonra áitiúla agus réigiúnacha ag brath ar cheannaireacht aonair oifigeach idirchaidrimh inimirce na mBallstát. Mar thoradh air sin, measann beagnach gach Comhalta de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce go mbeadh tairbhí nach beag ag baint le líon na

n-oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce agus na n-oifigeach idirchaidrimh Frontex a imscartar chuig tríú tíortha a mhéadú mar gheall ar an ról ceannasach atá acu maidir le líonraí áitiúla agus réigiúnacha na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a éascú. Chuir Comhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce i dtábhacht freisin gur féidir imscaradh na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce ag an gCoimisiún agus ag gníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil agus ar chomhar trí chomhordú feabhsaithe([37]) .

Lasmuigh de mhalartuithe laethúla idir oifigigh idirchaidrimh inimirce ar an leibhéal áitiúil, rinneadh faisnéis a mhalartú den chuid is mó trí bhealaí náisiúnta in éagmais leagan amach struchtúrtha iomchuí chun é sin a dhéanamh. Mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla agus deartha le hardán comhroinnte faisnéise Chóras Malartaithe Faisnéise um Ghréasán Imirce na hEorpa, ach freisin mar gheall ar theorainneacha a bhaineann le húdaráis na mBallstát, cuireadh cosc ar fhaisnéis a mhalartú ar bhonn níos leithne. Ina theannta sin, chuir an líon an-teoranta oifigeach idirchaidrimh inimirce atá nasctha le SIENA bac ar mhalartuithe le Europol, agus toisc nach bhfuil bealach agus creat dlíthiúil iomchuí ann chun faisnéis feasachta staide a chomhroinnt le Frontex, cuireadh bac ar chumas oifigeach idirchaidrimh inimirce sonraí a chomhroinnt le Frontex agus, ar an gcaoi sin, cuidiú leis an Aontas léiriú staide réamhtheorann a fhorbairt. Ós rud é gur annamh a tharlaíonn teagmhais réigiúnacha na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, cuireadh cosc ar shreafaí faisnéise níos leithne, rud a chuireann teorainn le cumas Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce cuidiú le léiriú staide cuimsitheach a fhorbairt ar thríú tíortha.

Ar leibhéal institiúideach, níl ach dul chun cinn teoranta déanta agus, i gcásanna áirithe, níl aon dul chun cinn déanta maidir le cuid de chúraimí an Bhoird Stiúrtha – mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce – a rannchuidíonn le cur chuige Fhoireann na hEorpa a chothú. Áirítear orthu sin imeachtaí réigiúnacha na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a eagrú agus croíchuraclam coiteann a fhorbairt le haghaidh oifigigh idirchaidrimh inimirce. Chuir easpa rannpháirtíochta na gComhaltaí de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce agus naisc neamhleora le fóraim eile an Aontais cosc ar an mBord Stiúrtha a acmhainneacht mar eintiteas straitéiseach a uasmhéadú, rud a d'fhág nár éirigh leis cur chuige iarbhír Fhoireann na hEorpa a thabhairt chuig Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce agus cur chuige 'an bhealaigh iomláin' a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir le bainistiú imirce an Aontais.

I gcás ina bhfacthas cur chuige Fhoireann na hEorpa laistigh de Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, is iad oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh ag an gCoimisiún agus ag gníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais laistigh de líonraí áitiúla na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, nó ag an gCoimisiún féin ina cháil mar Chathaoirleach ar Bhord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, is mó a spreag é. Tá cur chuige agus rannpháirtíocht níos láidre ó Fhoireann na hEorpa ag an mBord Stiúrtha lárnach chun acmhainneacht iomlán an Rialacháin maidir le Líonra na n-oifigeach

([37]) Treisíonn Europol é sin a thuilleadh agus measann sé gur foinse luachmhar faisnéise iad tuarascálacha na n-oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach (LESI) de chuid Europol a chuireann bonn eolais faoina mheasúnuithe straitéiseacha agus a chuidíonn le bearnaí faisnéise a shainaithint agus feabhas a chur ar a fheasacht staide, as a n-eascraíonn tuiscint níos cuimsithí ar smuigleáil imirceach agus ar chineálacha eile coireachta eagraithe tromchúisí a éascaíonn í nó atá nasctha léi.

idirchaidrimh inimirce a thapú ar an láthair agus chun Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a chumhachtú chun bheith ina phríomhuirlis chun an Comhaontas Domhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac a chur chun feidhme.

5.2 Na chéad chéimeanna eile

Tá forbairt mhór tagtha ar thírdhreach an bheartais imirce ó glacadh an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce in 2019. Is tosaíocht pholaitiúil don Aontas í an imirce atá nasctha, i measc réimsí eile, leis an tslándáil inmheánach agus leis an iomaíochas eacnamaíoch araon. Tá comharthaí láidre ann ina n-iarrtar go mbeadh ról níos láidre ag oifigigh idirchaidrimh inimirce chun tacú le bainistiú imirce an Aontais, go mbeadh an taidhleoireacht imirce níos comhordaithe agus níos teanntásaí, agus go mbainfí leas iomlán as cur chuige Fhoireann na hEorpa ar an láthair chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann agus a chur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú imirce a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le tríú tíortha. I measc na bpríomhthionscnamh i ndáil leis sin tá an Comhaontas Domhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac agus ról níos láidre ag Europol; Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus Oifigí um Thairseacha Dlíthiúla chun soghluaisteacht tallainne a chothú agus chun dlús a chur le filleadh agus athligean isteach; an Straitéis um Bainistiú Tearmainn agus Imirce; agus Straitéis Beartais Víosaí an Aontais Eorpaigh.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá gá leis na céimeanna seo a leanas chun cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a chur chun cinn sa tírdhreach beartais sin atá ag teacht chun cinn, agus é mar chuspóir tionchar oibríochtúil Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a mhéadú – chun tacú le bainistiú imirce an Aontais – agus tionchar oibríochtúil na Comhghuaillíochta Domhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac araon:

Cur chuige ‘an bhealaigh iomláin’

1. cumhdach oifigeach idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh ag an gCoimisiún agus ag gníomhaireachtaí gnóthaí baile an Aontais a leathnú chuig príomhthíortha feadh na mbealaí imirce, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as Bord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce chun bearnaí imscartha a shainaithint, trí imscaradh comhpháirteach a spreagadh agus tacaíocht airgeadais a thabhairt dó, agus trí chistiú a mhéadú le haghaidh imscaradh oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce;
2. feabhas a chur ar rannpháirtíocht oifigeach idirchaidrimh inimirce ar fud raon iomlán na gcúraimí imirce mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, tacú le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh, agus nósanna imeachta imirce dleathaí a éascú (e.g. trí chomhar áitiúil Schengen) agus rochtain éifeachtach ar chosaint idirnáisiúnta;
3. cruinnithe oibríochtúla oifigeach idirchaidrimh inimirce a éascú atá dírithe ar bhealaí tosaíochta imirce agus ar thríú tíortha chun borradh a chur faoi chomhroinnt faisnéise, chun feabhas a chur ar an tuiscint ar dhinimic na himirce agus ar mhodhanna oibriúcháin na líonraí smuigleála, agus chun frithbhearta saincheaptha a fhorbairt;

Comhroinnt faisnéise agus forbairt eolais

4. na Ballstáit a spreagadh agus tacú leo oifigigh idirchaidrimh inimirce a nascadh le SIENA chun comhroinnt faisnéise a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, tacú le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2025/2611;

5. comhordú agus comhroinnt faisnéise leanúnach a chur chun cinn idir oifigigh idirchaidrimh, toscaireachtaí an Aontais agus misin CBSC ar an láthair (go háirithe i gcás ina bhfuil sainordú inimirce ag na misin sin);

6. oibriú i dtreo uirlisí soláimhsithe comhroinnte faisnéise a chur ar fáil do phobal na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce chun feabhas a chur ar chomhar oibríochtúil agus ar mhalartú sonraí;

7. oifigigh idirchaidrimh inimirce a spreagadh le rannchuidiú le gníomhaíocht luathrabhaidh chun críoch imirce mar chuid den tionscadal um Fheasacht Staide, Luathrabhadh agus Réamhaisnéisiú([38]) chun tacú le pleanáil bainistithe imirce agus gníomhaíochtaí oibríochtúla an Aontais agus na mBallstát;

8. croíchuraclam coiteann a fhorbairt d'oifigigh idirchaidrimh inimirce i gcomhar le Bord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, chun eolas ar an Rialachán maidir le Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, ar phríomhréimsí beartais an Aontais maidir le bainistiú imirce agus ar thaidhleoireacht imirce an Aontais ar fud phobal Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a chaighdeánú;

Bord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce

9. feabhas a chur ar an gcomhordú idir Cathaoirleach an Bhoird Stiúrtha agus Uachtaránacht na Comhairle chun tionscnaimh Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a ailíniú le meithleacha ábhartha na Comhairle (e.g. an Mheitheal um Ghnéithe Seachtracha de Thearmann agus Imirce (EMWP), an sásra comhordúcháin oibríochtúil le haghaidh ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM), etc.);

10. na Ballstáit a bhfuil Uachtaránacht na Comhairle acu a spreagadh le ról gníomhach a ghlacadh i mBord Stiúrtha Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce, gan dochar d'fhorálacha an Rialacháin, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus faoina chathaoirleacht;

11. clár oibre débhliantúil nua Líonra na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce a dhréachtú lena n-ionchorpraítear na chéad chéimeanna eile thuas chun tosaíochtaí oibríochtúla amach anseo a threorú.

([38]) Is tionscnamh é an tionscadal um Fheasacht Staide, Luathrabhadh agus Réamhaisnéisiú a rinne an Coimisiún Eorpach le déanaí lena gcomhlánaítear sásra an Aontais maidir le hullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna a bhaineann leis an imirce ('an Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime'). Faoin tionscadal sin, bhain forbairt gníomhaíochta luathrabhaidh chun críoch imirce tairbhe cheana féin as ionchur na n-oifigeach idirchaidrimh Eorpach um imirce i gcleachtadh píolótach scanta ionchais.